

AN GAEЛ NO AN GALL-GHAEL

le An Brathair C. Ó Cuinn

Is minic sinn mishasta leis an iomhaigh d'Eirinn agus den Éireannach atá coiteanta i measg an phobail, an chuid sin den phobal a thagann fé anail an Bhéarla, go hairithe, i measg na nGael-Americanach, dream gur dual doibh meas ar a n-oidhreacht agus urraim don chine gur dhi iad. Ni hionta san. Fiú in Eirinn fein, ni fuirist a chinntiu dé'n saghas é an fíor-Ghael (agus ni le droch-mheas a luaim an buaghocal so). An Gael a scribheann don phobal eachtrannach ní fuláir do riadaradh ar thuairimi agus ar chlaonta lucht a léite.

Is duine coimpléascach é an Gael. Is mó cur do chuir an saol Gaelach dhe ó cheadlonnaigh na Ceiltigh in Éirinn dhá mhile blian ó shin. An saoicht a bhunaoidar, dob acuinn di teagasc na Criostaoiachta do shu isteach agus a cuid fein a dhéanamh de. Dob é an dala céanna é le cultúr na nDanar agus cultúr na Normannach. Is modh maireachtana gach cultúr, modh smaointe, treoir cinnte iompair in aigne duine agus go minic i ann gan fhios dó. De gnáth, oibríonn cultúr go huathoibritheach. Ní bhionn naísium ar a shuaimhneas ad iarraidh dhá chultúr a chleachtadh. Ba láidre an saoicht Gaelach na an saoicht Normannach; ach ba laige í na saoicht Shasana sa seu chéad déag. Mar sin nuair do tháinigh briseadh agus scaipeadh ar na hInstitiúidí Gaelacha bhi an Béarla in uachtair agus gheill an saol Gaelach dhi. Tá claoadh nádúrtha san duine don rud atá thuas agus don uas-aicmíocht. Cá hionta, mar sin, gur thug anchuid Gael cùl ar a sinsearacht agus go raibh an saoicht Gaelach ar an dé deiridh ag tosach an chéid seo, trá ba láidre agus ba feidhmiúla impireacht na Sasana.

Mar sin fein, bhiódh coinbhliocht de shíor idir an dá mheon -- an meon Gaelach agus an meon Gall-Ghaelach. Is ins an litriocht is fearr a chimid an cath da dhéanamh. Ba tré mhéan an Bhéarla a fearadh na cathanna móra san naoú chead deag -- saoirse creidimh, saoirse talún, saoirse tire. Táthar ann adeir gur athruigh an NATION meon na nGael beagan, gur dhein an páipéar tanu ar an meon. Ba shuarach an mhaise d'einne inniu disbeagadh a dhéanamh ar Davis agus ar lucht a linne, ach ní miste a admháil gur chotuigh na baileídi glórmhara naísíuntacht éadoimhín nach raibh in oiriúint ach do mheon buachailli scoile. Do thuig lucht na hAithbheocana, De hÍde agus a chomhaimsíri, narbh fhulair préamhacha an naísíuin do lorg ina chultúr -- creideamh, ceol, rinnce, teanga, litriocht, agus eile. Dréir mar do mhol an Craoibhin, ba gha Di-Ghalldu a dhéanamh.

Is é an cultúr abhí thuas an trá san ná cultúr na nGall-Ghael, an cultúr meanaicme Sasanach san ar ar bhronn Matthew Arnold a teidiol Philistinism. Ba gheall le brat clúdaigh e, go mor mor ins na cathracha. Sórt pairilise e, don ealaíontóir Ghælach abhí da stracadh idir an da shaol. Ní raibh de réiteach ag scribhnoir mar James Joyce ar an scéal ach tuairisc a thabhairt ar an bpairilis fein: rud a rinne comh héachtach san nach ghá a dheanamh aris. An dearcadh lom réalaoich san ina raibh an grá agus an fuath táite dá chéile, b'as an choimhlint idir an dá chultúr -- saoicht briste